Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**10114/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0165 (NLE)**

**AELE 47**
**MI 374**
**FL 22**
**ISL 23**
**N 31**
**ENER 241**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 311 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann le<br>Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE<br>(An Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 311 - Annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 311 annex

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 13.6.2025
COM(2025) 311 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(An Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh)**

# <u>IARSCRÍBHINN</u>

## DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimh. […]**

**an […]**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Treoir (AE) 2018/844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh[1], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Ní áirítear Stáit CSTE i bpríomhsprioc an Aontais do 2030 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i gcomhréir le Treoir 2012/27/AE arna leasú le Treoir (AE) 2018/2001. Dá bhrí sin, ní shonróidh Stáit CSTE conas a rannchuidíonn siad le sprioc éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais a bhaint amach ina straitéisí fadtéarmacha faoi seach in Airteagal 2a(2).

(3) I ngeall ar shainiúlachtaí stoc foirgneamh réasúnta nua agus aonfhoirmeach na hÍoslainne, comhaontaítear díolúine shealadach agus choinníollach ó Threoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a chur i bhfeidhm. Ba cheart feidhm a bheith ag an díolúine sin maidir le Treoir 2010/31/AE arna leasú le Treoir (AE) 2018/844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018. Ba cheart an díolúine a bheith teoranta go docht ó thaobh ama de agus níor cheart feidhm a bheith aici ach go dtí go ndéanfar Treoir (AE) 2024/1275 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú) a ionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Ba cheart Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE mar a leanas:

1. Leasaítear Pointe 17 (Treoir 2010/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) mar a leanas:

   (i) cuirtear an méid seo a leanas isteach:

   ‘, arna leasú le:

   - **32018 L 0844**: Treoir (AE) 2018/844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 75).’;

[1] IO L 156, 19.6.2018, Lch. 75.

(ii) athuimhreofar oiriúnú (d) mar oiriúnú (g); athuimhrítear oiriúnú (c) mar oiriúnú (e); athuimhreofar oiriúnú (b) mar oiriúnú (c);

(iii) cuirfear an t-oiriúnú seo a leanas isteach i ndiaidh oiriúnú (a):

‘(b) In Airteagal 2a(2), maidir leis na focail ‘, agus sonrófar ann an bealach a gcuideoidh siad chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais a bhaint amach i gcomhréir le Treoir 2012/27/AE’, ní bheidh feidhm acu maidir le Stáit CSTE.

(iv) cuirfear an t-oiriúnú seo a leanas isteach i ndiaidh oiriúnú (a):

‘(d) In Airteagal 8:

(i) i mír 3, cuirfear na focail ‘, nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, faoin [5 bliana] tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh..../... ó Chomhchoiste LEE an... [an Cinneadh seo]’ isteach tar éis na bhfocal ‘1 Eanáir 2025’;

(ii) i mír 6, cuirfear na focail ‘nó, nó a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh..../... ó Chomhchoiste LEE an... [an Cinneadh seo]’ isteach tar éis na bhfocal ‘10 Márta 2021’.’;

(v) cuirtear an t-oiriúnú seo a leanas isteach i ndiaidh oiriúnú (e):

‘(f) In Airteagal 14(4) agus in Airteagal 15(4), cuirfear na focail ‘, nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh..../... ó Chomhchoiste LEE an... [an Cinneadh seo]’ isteach tar éis an fhocail ‘2025’;

2. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 24 (Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

‘- **32018 L 0844**: Treoir (AE) 2018/844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 75).’

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Threoir (AE) 2018/844 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […], ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha[2]*, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. .../... ó Chomhchoiste LEE an […][3] [lena n-ionchorpraítear Treoir (AE) 2012/1149 (Treoir EU) i gComhaontú LEE], cibé acu is déanaí.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, [...].

---

[2] * [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

[3] IO L …

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

*[...]*

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*
*[...]*

**Dearbhú ó Rialtas na hÍoslainne**

**a ghabhann le Cinneadh Uimh. […] lena n-ionchorpraítear sa Chomhaontú Treoir (AE) 2018/844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**[lena ghlacadh leis an gCinneadh agus lena fhoilsiú san Iris Oifigiúil]**

Cuireann an Íoslainn in iúl go bhfuil sí tiomanta oibriú i dtreo measúnú a dhéanamh ar ionchorprú Threoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú) i gComhaontú LEE.

Níor chuir an Íoslainn aon leagan roimhe seo d'*acquis* an Aontais maidir le feidhmíocht fuinnimh i bhfoirgnimh chun feidhme. Mar gheall ar shaintréithe uathúla na hÍoslainne, amhail stoc foirgneamh atá sách nua agus aonfhoirmeach, úsáid fhorleathan téimh in-athnuaite, agus dálaí aeráide atá an-éagsúil le go leor Ballstát de chuid an Aontais, éilítear measúnú críochnúil ar an tionchar a bhaineann leis an Treoir a ionchorprú agus ar aon oiriúnuithe is gá chun í a chur chun feidhme san Íoslainn. Ina theannta sin, chun an Treoir a chur chun feidhme, beidh gá le creat reachtach iomlán nua a fhorbairt san Íoslainn.